

RÉAMHRÁITE

Brollach

Focal ón bhFear Eagair

Nóta leis an dTéacs Leictreonach

Réamhrá ginearálta



BROLLACH

Sa bhunreacht ar an bhFoilsíú Diaga luann Dara Comhairle na Vatacáine a thábhachtaí atá an Scripotúr Naofa don Eaglais agus an urraim is dual dó: “Thug an Eaglais urraim riamh do na scríbhinní diaga faoi mar a thug do chorp féin an Tiarna mar ní staonann sí ach ag glacadh agus ag riaradh arán na beatha ar na creidmhigh ó bhord Bhriathar Dé agus ó bhord Chorp Chríost go mór mór sa Liotúirge” (*De Divina Revelatione*, 21). Sa bhunreacht ar an Liotúirge d’achtaigh an Chomhairle: “Leatar doirse stóras an Bhíobla níos leithne chun gur flaitiúla a dháilfí ar na fíréin ag bord Bhriathar Dé” (*De Sancta Liturgia*, 51). Le foilsíú na Leicseanáire i nGaeilge in 1970 bhí ar chumas sagairt an moladh seo de chuid na Comhairle a chur i bhfeidhm. Le foilsíú an leagain seo den Bhíobla, leagan nár mhiste Bíobla Mhaigh Nuad a thabhairt air, tá briathar Dé ina iomláine ar fáil i nGaeilge do chách. Tá brollaigh mínithe ag gabháil leis na coda ar leith a bheidh ina gcabhair mhór ag an léitheoir príobháideach.

Is fada sinn ag feitheamh leis an saothar seo. Tá a stair ríofa go hachomair ag an eagarthóir. Is mian le Cliarlathas na hÉireann go mbeadh saibhreas spioradálta Bhriathar Dé ar fáil ag Gaeilgeoirí ina dteanga féin. Bhí lucht léinn sa Scriptoráil agus sa Ghaeilge i gcomhar le chéile sa saothar seo. Chinntigh an chéad dream go mbainfí feidhm as an eolas is cruinne agus is déanaí faoi théacs an Bhíobla atá ar fáil, agus go míneofaí éirim na leabhar go soiléir simplí de réir an traidisiúin agus an léinn. Rinne an dara dream a



ndícheall go gcuirfí Gaeilge shaibhir nádúrtha ar na bunscríbhinní, agus go mbeadh sí glan caighdeánach, sothuigthe ag Gaeilgeoirí na hÉireann uile, agus lasmuigh di.

Faoi mar a scríobh Liam Cairdinéal Mac Conmidhe sa Bhrollach leis an Leicseanáir in 1970:

Tobar spioradálta ár gcine a bhí sa Bhíobla riamh anall. Ba é a mhúnlaigh smaointe agus friotal Naomh Pádraig mar a léiríonn sé ar gach leathanach dá scríbhinní féin. Rinneadh staidéar ar an mBíobla thar leabhar ar bith eile i mainistreacha na hÉirean agus cuireadh sleachta fada as de ghlanmheabhair. Is i lámhscríbhinní an Scriptorúir a fhaightear na samplaí is sine den Ghaeilge scríofa – focail agus abairtí a cuireadh isteach idir na línte chun an téacs Laidneach a mhíniú. Is ar chóipeanna den Bhíobla a chaith ár sinsir barr a ndíchill maidir le peannaireacht agus ornáideachas.

Chuir Eaglais na hÉireann éacht i gcrích nuair a d’fhoilsigh sí a leagan den Bhíobla sa seachtú haois déag. Dealraíonn sé nár bhraith údaráis agus scoláirí Caitliceacha Rómhánacha sa ré sin, agus fad a mhair an seantraidisiún dúchais léinn Ghaeilge, go raibh gá lena leithéid. An té a raibh léamh na Gaeilge aige, ba ghnáth léamh na Laidine a bheith aige freisin, agus ba fhada fós a bhí an Laidin i réim mar theanga oifigiúil. Anois, áfach, tá cúiteamh éigin á dhéanamh i cibé faillí a rinneadh; más maith, is mithid.


Is iomaí duine a fuair cuid éigin de stró agus allas an tsaothair seo le cúig bliana agus tríocha anuas, mar a léiríonn an fear eagair thíos. Feictear dúinn go bhfuil a ainm féin i bhfolach i measc an tslua. Dá bhrí sin is gá agus is ceart a rá go hoscailte nach mbeadh Bíobla Mhaigh Nuad ann san aois seo ar chor ar bith murach dúthracht dhochloíte agus



acmhainn mhillteanach oibre an Athar Pádraig Ó Fiannachta. Faoi mar a thugtar Bíobla Bhedell ar aistriúchán an 17ú haois measaimid nach mbeadh sé mí-oiriúnach Bíobla Uí Fhiannachta a thabhairt ar leagan an 20ú haois. Go dtuga Dia a luach saothair féin dó.

Guímid lúcháir na bhFlaitheas agus radharc na Tríonóide i gcomhlúadar Mhuire agus na Naomh do bhaill foirne an tsaothair seo atá tar éis bháis. Guímid saol fada agus sláinte don chuid eile. Molaimid iadsan, agus clódirí, ceanglóirí, agus lucht cúnta agus tacaíochta uile na hoibre. Go gcúití Dia a saothar agus a bhféile go léir.

Tá súil againn go mbeidh cóip den Bhíobla seo i ngach teaghlach, scoil agus institiúid Ghaelach. Molaimid é mar leagan iontaofa údarásach dár dtréad uile. Tá súil againn chomh maith go mbainfidh ár gcomhChríostaithe sna hEaglaisí eile lántairbhe as agus ar an dóigh go mbeidh an t-aistriúchán nua ina dhroichead daingean idir Críostaithe uile na hÉireann. Is eol dúinn nach mar sin a amharcadh ar an mBíobla Gaeilge sa chéad seo caite. In aois seo an eacúiméineachais, áfach, go mba mhóide ár gcomhbhráithreachas i gCríost an úsáid a bhainfidh gach duine againn as Briathar Dé i dteanga na hÉireann.



TOMÁS CAIRDINÉAL Ó FIAICH
ArdEaspag Ard Mhacha
Príomhaidh na hÉireann Uile

Lá 'le Pádraig 1981



FOCAL ón bhFEAR EAGAIR

Is cuimhin liom m'ollamh, an tAth. Donnchadh Ó Floinn, á rá linn, tar éis léacht Ghaeilge in 1945, go raibh coimisiún bunaithe ag Cliarlathas na hÉireann le leagan Gaeilge den Tiomna Nua a chur ar fáil, leagan a bheadh bunaithe ar an nGréigis. D'iarr sé orainn tagarthaí don Tiomna Nua i leabhair áirithe a bhailiú dó. An tAth. Donnchadh féin, an tAth. Seán Ó Floinn, L.S.S., agus an tUachtarán, an Mgr. Éamann Ó Ciosáin, L.S.S., baill an choimisiúin. Toisc brú oibre, easláinte, agus ansin an bás féin, cuireadh moill ar an obair. Níor foilsíodh aon chuid de shaothar an choimisiúin úd go dtí 1964, nuair a foilsíodh *Lúcás*. Na sagairt Tomás Ó Fiaich agus Pádraig Ó Fiannachta a stiúraigh an leabhar gleoite sin tríd an gcló. Bhí réamhrá agus nótaí leis ón Ath. Seán Ó Floinn; ba leis an Athair Donnchadh an t-aistriú. Bhí an Mgr. Ó Ciosáin sa chré le cúig bliana faoin am sin. In 1966 foilsíodh *Matha* sa tslí chéanna. Bhí an tAth. Donnchadh féin sa chré sular foilsíodh *Marcas* in 1972; ba leis cc. 1-8 den aistriú sin; ba leis an Ath. Ó Fiannachta an fuílleach; ba leis an Ath. Seán Ó Floinn arís an Réamhrá agus na Nótaí.

Idir an dá linn bhí éileamh leanúnach leagan Gaeilge den Bhíobla iomlán a sholáthar. In 1966 bhunaigh an Cliarlathas coiste stiúrtha lena leithéid a chur i gcrích. I dteannta na sagart Donnchadh agus Seán Ó Floinn ceapadh an tAth. Ó Fiaich, an tAth. Colmán Ó hUallacháin, O.F.M., agus an tAth. Ó Fiannachta ar an gcoiste. Socraíodh ar chabhair a lorg ar shagairt oilte ar an nGaeilge agus ar an mBíobla ar fud na tíre. Earcaíodh



scoláire Bíobla agus scoláire Gaeilge dá lán leabhar den Bhíobla. Tugadh treoir go mbeadh an t-aistriú ón mbuntéacs le súil ar leaganacha eile atá faoi dhea-mheas. Ceapadh an tAth. Ó Fiannachta mar rúnaí ar an gcoiste agus leagadh cúram an fhoilsithe air; bhí leabhair le foilsiú de réir mar a bheidís réidh. Faoin mbliain 1977 bhí leagan de gach leabhar den Bhíobla, geall leis, foilsithe de réir na scéime sin. Bhí ilghnéitheacht sa mhodh foilsithe, e.g. *Na Mion-Fháithe* in uimhreacha den iris “An Sagart”, *Íseáia* mar leabhar leis féin ó Veritas/An Sagart.

Sna blianta ina raibh an réamhobair sin ar siúl tharla forbairt mhór ar an nGaeilge mar theanga liteartha. Leanann an saothar seo anois caighdeán an lae inniu maidir le litriú, gramadach, agus foclóir, rud nach ndearna na chéad fhoilseacháin i gcónaí – a bheag nó mhór. Ciallaíonn sin go raibh roinnt mhaith athruithe le déanamh ag an eagarthóir ar théacsanna a cuireadh faoina bhráid. Sa ghnó sin bhí raidhse moltaí ó scoláirí, go háirithe ó Mhuiris Ó Droighneáin M.A. (†1979). Fuair scoláirí cuireadh moltaí leasaithe ar an téacs a dhéanamh freisin. Fuarthas iad ón Ath. Seán Mac Riabhaigh, D.D., Peru, ón Ath. Pádraig Ó Nualláin, O.Cist., L.S.S., ón Ath. Liam Leader, ón Ath. Morgan Ó Curráin, M.S.C, ón Ath. Maolmhuire L. Ó Fiaich, C.S.Sp. Táthar buíoch dóibh sin uile. Tá an leagan seo dá réir sin spíonta ag roinnt mhaith daoine; tá iarracht déanta ar é a bheith inléite, fiú maidir le hainmneacha dílse, ag gnáthléitheoir, agus ar é a bheith de réir a chéile i gcoitinne. Ciallaíonn lúibíní cearnógacha go bhfuil leasú ar théacs á chur san áireamh nó focail bhreise ar son soiléire; ciallaíonn lúibíní cruinne go bhfuil breis leis an mbuntéacs i gceist.

Níor chás, is dócha, eolas a thabhairt faoi údair leaganacha Gaeilge na leabhar ar leith, agus faoi údair an ábhair mhínithe a ghabhann leo. Leis an Ath. Ó Fiannachta an



t-aistriú ar na leabhair a leanas: *Geineasas, Eaxodus, Léivític, Uimhreacha, Deotrainimí, Iósua, Breithiúna, Rút, Samúéil, 1-2 Ríthe, 1-2 Croinicí, Eazrá, Nihimia, Eistir, Iób, Seanfhocail, Síorach, Dainéil, Obaidiá, 1-2 Macabaeigh, Marcas cc. 9-16, Eoin, Séamas, 1-2 Peadar, Iúd, Apacailipsis*. Is é freisin atá freagrach sa Ghaeilge sa *Réamhrá Ginearálta* agus sna brollaigh, seachas i gcás *Na Sailm*. An tAth. Caoimhín Cundún, C.M., L.S.S., a bhí mar chomhairleoir aige do leabhair *An Pheintiteoch*, d’*Eoin*, agus d’*Apacailipsis*. Eisean leis a sholáthraigh an t-eolas sa *Réamhrá Ginearálta* agus sa bhrollach do na leabhair sin. An tAth. Dónall Ó Conchúir, D.D., L.S.S., a bhí mar chomhairleoir aige i gcás na Leabhair Staire go léir, agus is é a sholáthraigh an t-eolas atá sna brollaigh atá ag gabháil leosan; an tAth. Dónall a bhí mar chomhairleoir aige i gcás na Leabhair Eagna a d’aistrigh sé; agus is é a sholáthraigh an t-eolas sna brollaigh atá ag gabháil le Leabhair na hEagna go léir – seachas *Na Sailm*.

Leis an Ath. P. Ó Nualláin, O.Cist., L.S.S., na leaganacha atá anseo de: *Tóibít, Cóheilít, na Mionfháithe* (seachas *Obaidiá*), agus *Eabhraigh*. Is leagan ar leith de chuid an Athar Colmcille, O.Cist, atá againn i gcás *Na Sailm*. An tAth. Máirtín Mac Conmara, M.S.C., D.S.S., a scríobh an brollach snasta dó. Ón Ath. Seán de hÍde, S.J., ár leagan de *Laoi na Laoithe*. An tAth. Gearóid Ó Meachair, L.S.S., a sholáthraigh an brollach do *Na Fáithe*. An tAth. Breandán Ó Doibhlin, D.D., L.S.S., a sholáthraigh *Íseáia* le comhairle an Ath. Seán Ó Caoinleáin, D.D., L.S.S. An tAthair Seán leis a chomhairligh an tAthair Ó Fiannachta maidir leis *Na Litreacha Caitliceacha* a d’aistrigh sé.

An tAth. Seosamh Ó Dufaigh, M.A., le comhairle ón Ath. Seán Ó Coinnealláin, S.M.A., L.S.S., a sholáthraigh *Eizicéil*. An tAth. Aibhistín Valkenburg, O.P., a sholáthraigh *Irimia* i gcomhairle leis an Ath. Wilfrid Ó hUrdail, O.P., fear a



chomhairligh an tAth. Ó Fiannachta freisin i gcás *Dainéil*.

An tAth. Ó hUrdail a sholáthraigh an bunleagan do na brollaigh uile i gcás an Tiomna Nua san eagrán seo. Maidir leis na leabhair den Tiomna Nua nár luadh fós: An tAth. P. Ó Nualláin a sholáthraigh *Eabhraigh*. An tAth. Seán Mac Cárthaigh, D.C.L., a d'aistrigh *Gníomhartha na nAspal* agus an *Corpus Paulinum*, seachas *Eabhraigh*. Bhí an tAth. Seán Ó Gríocha, D.D., L.S.S., mar chomhairleoir aige i gcás *Gníomhartha* agus chaith an tAth. P. Ó Nualláin súil thar chuid eile de shaothar an Athar Mhic Cárthaigh. An tAth. Tomás Mac Aoidh, S.T.L., a d'aistrigh *1-3 Eoin*, i gcomhairle leis an Ath. Seán Ó Floinn.

Ba mhór an phribhléid don eagarthóir a bheith ag plé le foireann chomh breá sin. Bhí siad lách cneasta foighneach. Táthar fíorbhuíoch dóibh. Solas na bhflaitheas dóibh siúd díbh atá imithe ar shlí na fírinne. Táthar buíoch do na clóscríobhaithe, go háirithe do Ghearóidín Bean Uí Choinn agus do Ghearóidín Bean Uí Ruadháin a bhuail a lán buille cruinn dúinn. Táthar buíoch d'fhoireann an Chinnire Laighnigh a chlóbhuail an saothar mór seo chomh slachtmhar tapa sin dúinn; don bhainisteoir W. D. Britton a ghlac chomh fonnmar leis an saothar agus a sheas costas na leathanach maisiúchán; do Bhord Choláiste na Tríonóide a cheadaigh cóipeanna de na leathanaigh sin as Leabhar Cheanannais a fhoilsiú; do Mhícheál Ó Catháin a stiúraigh an obair, do Stan Hickey a chlóchuir gach litir agus do Bhreandán Ellis a dhealbhaigh gach leathanach. Táthar buíoch d'fhoireann John F. Newman and Son a cheangail an leabhar go sciabhach. Táthar buíoch do Thomas Nelson & Sons Ltd. ar son cead ceithre léarscáil dá gcuid a fhoilsiú.



Ní bheadh sé de mhisneach ionainn tabhairt faoi obair an eagráin seo chomh luath sin mura mbeadh an tacaíocht fhial a fuairamar ón bhForas Gael-Mheiriceánach faoi stiúir an Dr. Eoin Mac Thiarnáin. Bhí Gaeil Bhostúin fial linn freisin, agus a lán daoine eile in Éirinn agus thar lear. Go gcúití Dia a bhféile leo.

Tá buíochas ar leith ag dul do Chliarlathas na hÉireann faoi cheannas a Shoilse Tomás Cairdinéal Ó Fiaich. Is iad a spreag an obair ar dtús agus a mhisnigh sinn go minic; bhí siad fial freisin lena gcúnaimh airgid. Bhí lámh ag an gCairdinéal Ó Fiaich sa chéad imleabhar de Bhíobla Mhaigh Nuad a foilsíodh. Ghlac sé de chúram air féin in 1978 go bhféachfadh sé chuige go seolfaí an Bíobla ina iomláine go luath. A bhuí le Dia nár cuireadh moill mhór air.

Maithigí dúinn na lochta a gheobhaidh sibh ar an saothar seo. Cuirigí bhur moltaí leasaithe in iúl don Eagarthóir le súil go mbeidh siad ina gcabhair don chéad eagrán eile de Bhíobla Mhaigh Nuad.

Patricius peccator rusticissimus.

Pádraig Ó Fiannachta

PÁDRAIG Ó FIANNACHTA
Coláiste Phádraig
Maigh Nuad

Lá 'le Pádraig 1981



NÓTA leis an dTÉACS LEICTREONACH

Do chuir An Sagart an Bíobla Naofa i gcló don chéad uair sa bhliain 1981, agus sa bhliain 1992, chuireadar amach an dara leagan, le ceartaithe. An bhliain dár gcionn, d'fhoilsíodar leagan Gaeilge de Litreacha Phádraig, aistrithe ag an Ath. Pádraig Ó Fiannachta. Is iad san atá le fáil ar an CD seo. Tá téacs an Bhíobla ar fad curtha isteach sa leagan leictreonach seo, idir scríoptúr, brollaigh, agus réamhráite, faoi mar a priontáladh é sa dara leagan. Aon tagairtí buíochais a bhí sna réamhráite, tá siad fágtha istigh leis an leagan leictreonach seo, fiú mara mbaineann siad leis.

Obair mhór ab ea í leagan leictreonach a dhéanamh den leagan clóbhualte. Caitheadh go háirithe na prúfaí a léamh agus a cheartú arís, rud a rinne Vincent Ó Coileáin agus an tAth. Pádraig Ó Fiannachta. Máirtín Mac Oiste agus Maitias Mac Cárthaigh a leag amach na leathanaigh. Tá buíochas faoi leith leis ag dul do Nóirín Ní Riain, a thug caoinchead sé cinn d'amhráin a thógaint óna CD “Gregorian Chant Experience”, foilsithe ag O’Brien Press. Táthar buíoch chomh maith do Bhord na Gaeilge a rinne urraíocht go fial ar an bhfiontar seo.



RÉAMHRÁ GINEARÁLTA

Aonad ar leith litríochta is ea an Bíobla. Níl aon ní díreach mar é ag aon chreideamh lasmuigh den Chríostaíocht. Sé an *Koran* an rud is cóngaraí dó, agus bhí éifeacht ag an mBíobla air sin. Tugaimid “briathar Dé” ar an mBíobla. Sa tslánchruinne ámh níor mhór a rá gur tháinig ann dó mar “bhriathar Dé”, agus nuair a fhógraítear é go ndéantar “briathar Dé” arís de. Sa mhéid sin freisin is creideamh ar leith an Giúdachas agus an Chríostaíocht; is *kerygma* atá i gceist ó bhonn; fógraítear an creideamh seo, is *briathar* é.

Tá dhá phríomhroinn sa Bhíobla, an Sean-Tiomna agus an Tiomna Nua. Sé tá i gceist leis an *Tiomna* nó an *Conradh* ná beartas sollúnta slánaithe Dé a bunaíodh sa Sean-Reacht faoi Mhaois agus sa Nua-Reacht faoi Chríost. Tá an Sean-Reacht faoi urraim agus faoi mheas ag na Giúdaigh i gcónaí; na Críostaithe amháin a ghlacann leis an Nua-Reacht.

Ranna

Ní miste an Bíobla a roinnt mar leanas:

An Sean-Tiomna

- (a) An *Torah* nó An Dlí: Cúig leabhar an Pheintiteoch mar atá: Geineasas, Eaxodus, Léivític, Uimhreacha agus Deotranaimí. Tá na hainmneacha seo bunaithe ar theidil Ghréigise. Thug na hEabhraigh na chéad fhocail ann mar ainm ar leabhar.



- (b) *Na Fáithe*: Ceithre Mór-Fháithe (Íseáia, Irimia, Eizicéil, Dainéil) agus Dháréag Mion-Fháithe.
- (c) *Stair*: Iósua, Breithiúna, 1 agus 2 Samúéil, 1 agus 2 Ríthe, 1 agus 2 Croinicí, Eazrá, Nihimiá agus (sa Bhíobla Caitliceach) 1 agus 2 Macabaeigh.
- (d) *Eagna*: Seanfhocail, Iób, (Cóheilít) agus, sa Bhíobla Caitliceach, Eagna Sholaimh, Síorach.
- (e) *Urnaithe*: Leabhar na Salm.
- (f) Na Cúig Mion-Scrollaí d'ócáidí liotúirgeacha: Rút, Olagóin, Laoi na Laoithe, Eistir, Cóheilít (ach romhainn faoi Eagna freisin). Níor mhiste Iúidít, Tóibít – agus Barúch – atá sa Bhíobla Caitliceach a chur leosan (féach inár ndiaidh).

An Tiomna Nua

- (a) *Na Soiscéil*: Matha, Marcas, Lúcas, Eoin.
- (b) *Stair*: Gníomhartha na nAspal.
- (c) *Litreacha*: Trí litir déag a luaitear le Pól: Rómhánaigh, 1 agus 2 Corantaigh, Galataigh, Eifisigh, Filipigh, Colosaigh, 1 agus 2 Teasalónaigh, 1 agus 2 Tiomóid, Títeas, Filéamón. Ina dteanntasan: Eabhraigh, Séamas, 1 agus 2 Peadar, 1-3 Eoin, Iúd.
- (d) Apacailipsis Eoin.

Má osclaíonn tú Bíobla Caitliceach faigheann tú, de ghnáth, timpeall míle leathanach faoin Sean-Tiomna, agus timpeall dhá chéad caoga faoin Tiomna Nua. Is é an Tiomna Nua an chuid is tábhachtaí i bhfad dar linne ar chúiseanna diagachta. Ach tá rud ar leith ag baint leis an Sean-Tiomna, nach bhfuil ag baint dáiríre leis an Tiomna Nua leis féin –



is litríocht uileghabhálach é. Is geall le leabharlann iomlán é an Sean-Tiomna agus saibhreas mór traidisiún liteartha ar a chúla. Réimse céad bliain atá faoin Tiomna Nua; ach tá réimse míle bliain ar a laghad faoin Sean-Tiomna. Chiallódh sin go mbaineann sé le tréimhse a shínfeadh siar inár dtraidisiún féin ón Oiléanach go dtí Cín Droma Sneachta nó go dtí an chéad leagan scríofa den Táin.

An Chanóin

Tá an-tábhacht le ceist na canóna agus a cinntithe. Bhí a lán leabhar de chuid an Bhíobla tamall fada ar an saol, cuid díobh na céadta bliain b'fhéidir, sula ndearnadh “scrioptúr” nó “scrioptúr diaga” díobh. Roimh an deoraíocht ní raibh aon Leabhar Naofa oifigiúil, nó Bíobla ag na hEabhraigh. Bhí, ar ndóigh, leabhair, doiciméid, cáipéisí, téacsanna liotúirgeacha, agus a leithéid eile acu. Ach níor bheartaigh an pobal Giúdach ar a raibh fágtha dá n-oidhreacht ársa a chaomhnú go dtí tar éis na Deoraíochta (587-537 R.Ch.). Lean an cnuasach agus an t-eagrú ar feadh na gcéadta bliain. Le himeacht aimsire agus an obair seo ar siúl, fógraíodh ranna áirithe go hoifigiúil ina “scrioptúr”, sé sin mar dhoiciméid a bheadh ina riail chreidimh agus a d’úsáidfí sa tsionagóg, i bhfocail eile glacadh leo sa “Chanóin”; an focal seo féin “Canóin” ciallaíonn sé riail. Bhí liosta údarásach oifigiúil de leabhair chanónta ann díreach faoi mar atá liosta oifigiúil de naoimh “chanónaithe” ag an Eaglais Chaitliceach inniu. Níor thug canónú inspioráid do leabhar ach d’fhógair sé go hoifigiúil go raibh inspioráid ag baint leis.



Buailimid go minic sa Tiomna Nua leis an nath “an Dlí agus na Fáithe”. Ciallaíonn na focail sin “an Bíobla”, geall leis; ach sa tslánchruinne níor mhór “an Dlí, na Fáithe, agus na Scríbhinní” a rá; nochtann na focail sin trí chéim i gcumadh chanóin na leabhar nGiúdach. Ba é “an Dlí” an chéad roinn den Chanóin Eabhrach a foilsíodh, agus sin timpeall na bliana 444 R.Ch. D’ainneoin a ainm, ní dlí ar fad atá sa roinn sin. Tugadh “na Fáithe” ar an dara roinn, cé nach fáithe ar fad a bhí ann. Bhain na leabhair staire luatha leis an chuid seo: Iósua, Breithiúna, 1 agus 2 Samúéil, trí cinn de na Mór-Fháithe agus na Mion-Fháithe go léir chomh maith; ní raibh Dainéil ann fós agus tá sé dá réir sin sa tríú cuid, “na Scríbhinní”. Níl a fhios againn cathain go cinnte a foilsíodh an dara cuid, ach de réir réamhrá Shíorach, ní foláir nó gur thart ar 200 R.Ch. a tharla sé.

Bhí an tríú cuid, “na Scríbhinní” fós á n-eagrú le linn ár dTiarna, ar a laghad sa domhan Gréagach-Eabhrach timpeall Chathair Alastair. Faoin am sin bhí *dhá* Chanóin ann, ceann Eabhrach agus ceann Gréagach. Bhí breis sa Chanóin Ghréagach thar mar a bhí sa Chanóin Eabhrach (.i. 1 agus 2 Macabaeigh, Tóibít, Iúidit, Síorach, Eagna, Barúch, agus breiseanna le Dainéil agus le hEistir). Ghlac an Eaglais Chaitliceach leis an gCanóin Ghréagach, agus dá bharrsan tá níos mó leabhar ina Bíobla ná mar atá sa Bhíobla Protastúnach, atá de réir Chanóin na nEabhrach.

Inspioráid

Is deacair a rá cén prionsabal lenar shocraigh na Raibithe leabhar a ghlacadh sa Chanóin. Theastaigh uathu iarsmaí a n-oidhreachta a chaomhnú ós rud é go raibh a seansaol basctha ag léirscrios agus deoraíocht. D’fháiltigh siad dá bhrí sin roimh



bhloghanna fáin agus fiú roimh leabhair iomlána (e.g. Cóheilit, Laoi na Laoithe, leagan Eabhraise Eistir) a cheapfadh formhór léitheoirí an lae inniu nach bhfuil ró-iontaofa ó thaobh creidimh de. Bhí na Raibithe féin in amhras faoi leabhair áirithe. An tuairim atá i dtreis san Eaglais anois faoin inspioráid, tuairim a bhfuil fréamhacha Gréagacha faoi in áit a bheith de dhúchas Eabhrach, ba dhearmad a mheas go raibh an tuairim sin mar threoir ag na Raibithe ag cinntiú na Canóine. Bhí sean-nath ársa mar threoir acu mar sin féin, nuair a bhíodh ábhar d’aon sórt idir camána acu (féach, dála an scéil, nár chuir siad gach scríbhinn chreidimh sa Chanóin). Ba é an nath sin ná “briathar Dé”. Tá an frása seo le fáil go minic sa Scriptorium (sa Sean-Tiomna agus sa Tiomna Nua). Ina chomhthéacs dílis sé tá i “mbriathar Dé” ná an t-oracal a thagann ó bhéal an fháidh nuair a luíonn an *ru‘ah*, nó Spiorad an Tiarna, air. Bheadh fáilte roimh fháistíní nó sleachta fáidhiúla dá réir sin sa Chanóin ó thús; ach féach go bhfuil a fhios againn nár glacadh leo go léir. Ba mhó ná sin a bheadh glacadh le briathar Dé mar a nochtadh é sa *Torah*; ba thábhachtaí leis na Giúdaigh é sin ná aon fháistine. Ghlacfaí chomh maith go tapa le téacsanna liotúirge, leithéid na Salm, a bhí in úsáid leis na cianta. Cad faoin Stair? Cad faoin Eagna? Is geall le croinicí nó annála ríoga iad leabhair Shamúéil agus na Ríthe. Níl san Eagna ach gaois dhaonna curtha i bhfoirm seanfhocal. Conas gur “briathar Dé” na leabhair seo?

Sé is dóichí ná faoin am a raibh na leabhair dhéanacha á mbailiú go raibh an sean-nath ársa *briathar Dé* á chiallú faoin thionchar fealsúnachta Gréigise, go háirithe an Stóchais. Glacadh leis go raibh *briathar Dé* ann, briathar a labhraíodh dáiríre, go coincréideach; ach go raibh *Logos* diaga, fírinne Dé, *Sophia* nó Eagna ann chomh maith. Tuigeadh gurb ionann ar shlí an *Torah* agus *Sophia*, comhghleacaí Dé a bhí i



láthair le linn an chruthaithe féin (cf. [Seanfh. 8:30](#)). Sé Dia féin foinse gach eolais dhaonna agus na heagna go léir. Uime sine i gcnuasach de *bhriathar Dé*, nó de *bhriathra Dé*, bhí fáilte roimh stair, agus gaois, agus filíocht, agus saothair eile spiorad an duine.

Ní mór cuimhneamh air freisin go raibh na leabhair i gceist le húsáid, thiar ó dheireadh ar a laghad, sa liotúirge. Is deacair ar uaire inspioráid a lua le cuid de na leabhair ó thaobh bunúis agus foinse, ach níl aon amhras faoin inspioráid a ghabh lena n-aidhm mar Scriptor. Sé tá i *mbriathar Dé* ná briathar *slánaitheach Dé*. Ní ionann é agus uile-eolas, ná foilsíú rúin. Sé lámh Dé é atá gníomhach gan stad in imeachtaí an duine. Ní inspioráid aonarach atá i gceist dá réir sin sa Scriptor. Gach uair a bhaintear feidhm as an Scriptor sa liotúirge, bíonn inspioráid eile dála na chéad inspioráide i gceist. Tá briathar Dé “beo gníomhach, is géire é ná aon chlaíomh dhá bhéal agus téann sé isteach idir anam agus spiorad, idir smior agus smúsach agus tugann sé breith ar chlaonta agus ar smaointe an chroí” ([Eabh. 4:12](#)).

Ilghnéitheacht

Tá samplaí de gach gné den litríocht beagnach le fáil sa Bhíobla go háirithe sa Sean-Tiomna; tá dlíthe ann agus searmóintí, liotúirgí, urnaithe, dánta diaga agus dánta daonna (amhráin agus laoithe saothair agus grá; amhráin faire agus cogaidh; caointe agus molta *etc.*), fáistíní, beathaisnéisí, stair, filíocht, litreacha, machnaimh, tomhaiseanna agus seanfhocail, físeanna agus aislingí, agus a thuilleadh nach iad. D’fhéadfaí “soiscéil” sa Tiomna Nua a lua mar ghné litríochta ar leith. Nuair a bhíonn



an t-ábhar ilghnéitheach seo go léir á mheas, ní mór idirdhealú a dhéanamh idir na heilimintí traidisiúnta agus na heilimintí a shíolraíonn ón údar go pearsanta; b'fhéidir, i gcásanna áirithe, gur mhair na heilimintí traidisiúnta ar feadh na gcianta mar bhéaloideas agus gur breacadh síos ansin iad ag pointe éigin agus go bhfuair siad cló cinnte socair; ón údar agus ón eagarthóir féin na heilimintí pearsanta. Bhí béaloideas na nEabhrach forleathan uileghabhálach dála ár mbéaloideas féin. Tá samplaí go leor de le fáil i nGeineasas, sna leabhair staire, sna Sailm, sna Seanfhocail, agus, ó thaobh an Tiomna Nua de, sna soiscéil féin. Maidir leis na heilimintí pearsanta, bíonn malairt scéil ag na húdair. Uaireanta seasann an saothar go soiléir leis féin *e.g.* i gcás Irimia (trína bheathaisnéisí, Barúch), nó Eizicéil, nó Naomh Pól. Uaireanta eile bíonn saothar an údair ag gobadh aníos go feiceálach anseo agus ansiúd ach go leor seanchais agus béaloidis agus ábhair thraidisiúnta taobh leis (*e.g.* Íseáia a bhfuil réimse dhá chéad bliain faoina leabhar). Nuair a bhíonn ábhar traidisiúnta i gceist sé gnó an eolaí an t-ábhar seo a aithint, a rangú de réir foirme, agus é a shuíomh ina leaba chuí maidir le log agus dáta. Nuair a bhíonn scrúdú den sórt seo á dhéanamh ar na soiscéil, tugtar “foirmchritic” nó “stair an traidisiúin” air.

Caithfear cuimhneamh air freisin go bhfuil ábhar a *bailíodh* agus a *tiomsaíodh* i gceist sa Sean-Tiomna – agus go bhfuil sin i gceist sa Tiomna Nua chomh maith i gcás na soiscéal sionoptach. Ní raibh nósmaireacht nua-aimsire ag baint le heagarthóirí an tseansaoil. Is annamh a thugann siad leid faoi cá dtosaíonn blagh nó caibidil nó sraith. Uaireanta sánn siad bailiúchán isteach i lár cinn eile, *e.g.* cuireadh Leabhar Imeánuéil Íseáia (cc. 6-9) isteach i lár roinne eile a thosaíonn c. 5 agus a leanann ar aghaidh c. 10.



Ní foláir do léitheoir Bíobla an lae inniu a thuiscint gur aistriúchán ó theangacha ársa agus ó théacsanna doiléire go leor dá mbíonn á léamh aige. An Eabhrais teanga an tSean-Tiomna, seachas sleachta i nDainéil agus in Eazrá atá in Aramais, agus na leabhair bhreise den Bhíobla Gréigise ar ghlac an Eaglais Chaitliceach leo; tá a fhios againn gur scríobhadh cuid díobh seo féin fiú san Eabhrais ar dtús. Scríobhadh an Tiomna Nua i nGréigis. An léitheoir ar mian leis dílse aistriúcháin a phromhadh ba fhiú dó leaganacha difriúla a chur i gcomparáid lena chéile.

Is deacair don ghnáthléitheoir breithiúnas a thabhairt ar an téacs bunaidh. Is iomaí duine nach bhfuil a fhios aige cé chomh guagach agus atá téacs na lámhscríbhinní maidir le leabhair áirithe a bhí in úsáid go minic – *e.g.* na Salm. Is gnó tábhachtach, agus saothar do scoláirí cáilithe na malairtí leagan a rangú agus a mheá agus téacs iontaofa criticiúil a bhunú orthu.

Ábhar agus Dáta

Chuirte an Peintiteoch ar fad geall leis i leith Mhaois ar feadh na nglúinte i stair na hEaglaise; chuirte formhór na Salm, faoi mar a deir na teidil, i leith Dháiví; ghlactaí leis gurb é Íseáia a scríobh formhór a leabhairsean. Cuireadh na tuairimí sin dá mbonna cuid mhór de bharr staidéir chriticiúil ar an mBíobla. Ní féidir a rá, áfach, gur ghoill sin ar a thábhacht ná ar a údarás. Sé a tharla ná gur tuigeadh go raibh an scéal i bhfad níos casta ná mar a síleadh. Tóg cás Íseáia; más féidir a thaispeáint go bhfuil réimse dhá chéad bliain (timpeall 700-500 R.Ch.) faoina leabhar, b'fhéidir go ndealraíonn sé go bhfuil



tábhacht cailte ag Íseáia féin; mar sin féin sa mhéid gur chuir na Giúdaigh tar éis na deoraíochta an saothar ina leith is léir go mba phearsa fhíorthábhachtach é, dar leo.

Luaifear dátaí sa bhrollach leis na leabhair inár ndiaidh. Níor mhiste a rá anseo i dtaobh leabhair an tSean-Tiomna go háirithe agus sin fiú i dtaobh na leabhar is ársa ann, nach bhfuil siad, *sa chló liteartha ina bhfuil siad anois*, chomh seanda agus a síleadh tráth. Tá sé in amhras, abair, go dtéann aon salm, san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair, siar go Dáiví mar údar. Ach tá sailm ann mar sin féin a dtéann a bhfréamhacha siar go haimsir Dháiví, agus a bhfuil fiú iarsmaí den seanadhradh Chanánach le sonrú orthu (e.g. [Salm 29](#)). Sa tslí chéanna is féidir Cód na Naofachta i Léivític ([cc. 11-26](#)) a chur síos faoi dháta na deoraíochta; ach tá dlíthe ann atá ar na cinn is ársa sa Bhíobla. Taispeánann sin go léir nach mór idirdhealú a dhéanamh idir bunú cló liteartha leabhair agus a réamhstair sa traidisiún; rachadh sé seo b'fhéidir siar na céadta bliain. Murab é Maois údar an Pheintiteoch mar atá sé againn anois, ba é go cinnte údar an traidisiúin as ar fáisceadh é.

Dúnadh

Is saothar mór liteartha an-ársa, an-ilghnéitheach é an Bíobla dá réir sin agus ní ionadh spéis ag a lán daoine ann. Sé foinse traidisiúin na hEaglaise é. Is tobar inspioráide agus smaointe riamh ag searmóintithe é. Is cabhair agus compord ag gnáthdhaoine é. Léann daoine de ghnáth é le hurraim agus le deabhóid, ag súil le cothú dá mbeatha spioradálta agus le spreagadh chun na fíréantachta. Léann daoine leis é le barr fiosrachta agus le fonn breis eolais a fháil i dtaobh na ndaoine agus na sibhialtachta



a léirítear ann. Is mór an áis dá leithéidí sin tráchttaireacht nua-aimsire; ní mór an tráchttaireacht a bheith nua-aimsire mar nach dtéann aon stad ar a bhfuil d'eolas nua á aimsiú le himeacht na mblianta. Níor mhiste b'fhéidir roinnt tráchttaireachtaí a lua: *The Jerome Biblical Commentary* (a d'fhoilsigh Geoffrey Chapman in Éirinn) agus *A Catholic Commentary on Sacred Scripture* (Nelson), agus, don Bhíobla Protastúnach, *Peate's Commentary on the Bible* (Nelson). Le foilsiú an Bhíobla seo Mhaigh Nuad, táthar ag súil go dtosófar scoil léinn Bhíobla i nGaeilge a dtabharfaidh mar bhláth níos sia anonn, le cúnamh Dé, Tráchttaireacht Nua Gaeilge ar an mBíobla.

